Comhairle an Aontais Eorpaigh

An Bhruiséil, 10 Meitheamh 2022
(OR. fr)

9719/22

LIMITE

CYBER 199
TELECOM 257
INST 206
CSC 229
CSCI 75
INF 88
FIN 592
BUDGET 12
CODEC 825
DATAPROTECT 179

**Comhad Idirinstitiúideach:**
**2022/0085(COD)**

PUBLIC

**NÓTA MAIDIR LE MÍR "I/A"**

| | |
|---|---|
| ó: | An Uachtaránacht |
| chuig: | Coiste na mBuanionadaithe/An Chomhairle |
| Uimh. an doic. roimhe seo: | 9882/22 |
| Uimh. an doic. ón gCoim.: | 7474/22 + ADD 1 |
| Ábhar: | Togra le haghaidh Rialachán ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle lena leagtar síos bearta le haghaidh ardleibhéal cibearshlándála coiteann in institiúidí, comhlachtaí, oifigí agus gníomhaireachtaí an Aontais<br>– Tuarascáil ar dhul chun cinn |

Dhréachtaigh an Uachtaránacht tuarascáil ar dhul chun cinn maidir leis an togra le haghaidh Rialacháin ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle lena leagtar síos bearta le haghaidh ardleibhéal cibearshlándála coiteann in institiúidí, comhlachtaí, oifigí agus gníomhaireachtaí an Aontais, chun tuarascáil a thabhairt ar an obair a rinne comhlachtaí ullmhúcháin na Comhairle go dtí seo agus ar an staid mar atá agus scrúdú á dhéanamh ar an togra.

Chuir an Uachtaránacht an tuarascáil sin faoi bhráid na Meithle Cothrománaí um Chibircheisteanna ag an gcruinniú a bhí aici an 10 Meitheamh 2022.

## RÉAMHRÁ

1. An 22 Márta 2022, ghlac an Coimisiún an togra le haghaidh Rialachán lena leagtar síos bearta le haghaidh ardleibhéal cibearshlándála coiteann in institiúidí, comhlachtaí, oifigí agus gníomhaireachtaí an Aontais. Bhí an togra ar cheann de na bearta dá bhforáiltear i Straitéis Chibearshlándála an Aontais don Deacáid Dhigiteach[1], a bhfuil sé mar aidhm léi athléimneacht chomhchoiteann an Aontais i gcoinne cibearbhagairtí a neartú. Sna conclúidí uaithi an 22 Márta 2021 maidir leis an straitéis[2] sin, chuir an Chomhairle i bhfios go láidir go bhfuil an chibearshlándáil agus an tIdirlíon oscailte domhanda ríthábhachtach d'fheidhmiú an riaracháin phoiblí agus institiúidí ar an leibhéal náisiúnta agus ar leibhéal an Aontais agus, ar an iomlán, don tsochaí agus don gheilleagar.

2. Sna conclúidí uaithi an 20 Meitheamh 2019[3], d'iarr an Chomhairle ar institiúidí an Aontais, i gcomhar leis na Ballstáit, obair a dhéanamh ar bhearta a neartóidh athléimneacht agus cultúr slándála an Aontais i gcoinne cibearbhagairtí agus bagairtí hibrideacha ón taobh amuigh den Aontas, agus cosaint níos fearr a thabhairt ar ghníomhaíochtaí mailíseacha den uile chineál do líonraí faisnéise agus cumarsáide an Aontais agus dá phróisis chinnteoireachta.

3. Is é príomhchuspóir an togra, atá bunaithe ar Airteagal 298 CFAE, leibhéal na cibearshlándála sna hinstitiúidí Eorpacha a fheabhsú trí chreat comhchoiteann a bhunú agus aird chuí á tabhairt ar neamhspleáchas gach institiúide.

---

[1] 14133/20.
[2] 6722/21.
[3] EUCO 9/19.



PUBLIC

4. Is iad seo a leanas príomhchuspóirí an togra:

– sainordú agus cistiú CERT-EU a neartú (Lárionad Cibearshlándála le haghaidh institiúidí, chomhlachtaí agus ghníomhaireachtaí an Aontais);

– struchtúr idirinstitiúideach a bhunú trína dtabharfar le chéile ionadaithe na n-institiúidí uile chun cur chun feidhme cuí an Rialacháin a áirithiú;

– an oibleagáid atá ar institiúidí Eorpacha faisnéis TF (neamhaicmithe) a chomhroinnt le CERT-EU a thabhairt isteach agus bagairtí, leochaileachtaí agus teagmhais shuntasacha a thuairisciú; agus

– comhordú agus comhar a chur chun cinn mar fhreagairt ar theagmhais shuntasacha.

**<u>STAID NA HIMEARTHA</u>**

5. Thosaigh an Mheitheal Chothrománach um Chibircheisteanna ag plé an togra an 29 Márta 2022, le cur i láthair ginearálta ón gCoimisiún.

6. Phléigh an Mheitheal téacs an Rialacháin atá beartaithe ag na cruinnithe a bhí aici an 19 agus an 26 Aibreán 2022.

7. Tar éis an phlé a rinneadh sa Mheitheal, iarradh ar na Ballstáit barúlacha i scríbhinn a chur isteach faoin 6 Bealtaine 2022. Ghlac 16 Bhallstát ar an iomlán an deis a seasamh a chur isteach i scríbhinn.

PUBLIC

PUBLIC

8. Ba dhíol sásaimh do na Ballstáit an togra de réir mar is iomchuí agus comhlántach leis an Treoir a bheidh ann amach anseo maidir le slándáil gréasán agus faisnéise agus thacaigh siad go ginearálta lena chuspóirí foriomlána. D'iarr na Ballstáit, áfach, go mbeadh tuilleadh uaillmhéine ann agus d'ardaigh siad roinnt príomh-shaincheisteanna agus ábhar imní ar cheart machnamh a dhéanamh orthu le linn chaibidlíocht an togra, go háirithe an easpa cómhalartachta sa mhalartú faisnéise idir na hinstitiúidí agus na Ballstáit agus cineál iomarcach deonach na mbeart atá beartaithe. D'iarr na Ballstáit freisin go scriosfaí an tagairt don Chibearaonad Comhpháirteach (nach mór a shainordú agus a chomhdhéanamh a shainiú go fóill). Ar deireadh, leag siad béim ar a riachtanaí atá sé forálacha áirithe den Treoir maidir le slándáil gréasán agus faisnéise a bheidh ann amach anseo sa togra a léiriú.

9. D'iarr roinnt Ballstát ar Sheirbhís Dlí na Comhairle oiriúnacht an bhunúis dlí a scrúdú agus roghanna eile a d'fhéadfadh a bheith ann a mheas.

10. Cheap Parlaimint na hEorpa Henna Virkkunen (EPP) mar rapóirtéir ar an gCoiste um Thionsclaíocht, um Thaighde agus um Fhuinneamh.

11. Thug an Maoirseoir Eorpach ar Chosaint Sonraí a thuairim an 17 Bealtaine 2022[4].

12. An 23 Bealtaine 2022, d'iarr an Uachtaránacht tuairim fhoirmiúil ó Choiste Slándála na Comhairle maidir leis na gnéithe slándála faisnéise den togra.

---

[4] 9252/22.

13. Ar bhonn an rannchuidithe ó na Ballstáit agus ar bhonn obair na Meithle Cothrománaí um Chibircheisteanna, dréachtóidh an Uachtaránacht téacs comhréitigh, a ndéanfar plé air ag na cruinnithe a bheidh ag an Meitheal Ardleibhéil maidir leis an gComhshaol an 21 agus an 28 Meitheamh 2022.

14. Ag tógáil ar an dul chun cinn atá déanta ag Uachtaránacht na Fraince, leanfaidh Uachtaránacht nua na Seicia uirthi ag oibriú ar an gcomhad tábhachtach seo d'fhonn teacht ar chur chuige ginearálta.

15. I bhfianaise an mhéid sin thuas, iarrtar ar Choiste na mBuanionadaithe agus ar an gComhairle an dul chun cinn atá déanta maidir leis an scrúdú ar an togra le haghaidh Rialacháin a thabhairt dá n-aire.

PUBLIC